

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers

FGL na  
Ceannaireachta

Clár le  
haghaidh na  
Folláine

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Clár na nÁbhar

Feidhmiú Céimneach Ábhair na Sraithe Sóisearaí.....	2
Gníomhaíocht 1 Poistín .....	3
Cén cheist amháin ar mhaith leat freagra a fháil uirthi ar Threoirlínte na Folláine? .....	3
Gníomhaíocht 2: Toisí ilghnéitheacha na Folláine.....	3
Gníomhaíocht 3: Córais tacaíochta do scoláirí i scoileanna .....	4
Gníomhaíocht 4: Bláthú.....	5
Gníomhaíocht 5: Cultúr Scoile .....	5
Gníomhaíocht 6: Aguisín H a úsáid chun tacú le Féinmheastóireacht Scoile.....	6
Gníomhaíocht 7: Naisc a dhéanamh idir na príomhscileanna agus táscairí na folláine .....	11
Gníomhaíocht 7: Naisc a dhéanamh idir na príomhscileanna agus táscairí na folláine .....	12
A Bheith Liteartha .....	12
A Bheith Uimheartha .....	12
Gníomhaíocht 8: Curaclam le haghaidh clár folláine:.....	13
Gníomhaíocht 9: Ag Breathnú ar an Scoil Againn 2016-2020: Torthaí Foghlaimeora.....	14
Gníomhaíocht 10: Beartais Scoile.....	16
Gníomhaíocht 11: Am Pleanála .....	18
Acmhainní Breise: .....	20
Plean féideartha scoile chun folláine a chur i bhfeidhm: .....	23
Ráitis Foghlama agus Eispéiris Foghlama a théann leo .....	24

# Feidhmiú Céimneach Ábhair na Sraithe Sóisearaí



## Gníomhaíocht 1 Poistín

Cén cheist amháin ar mhaith leat freagra a fháil uirthi ar Threoirlínte na Folláine?

## Gníomhaíocht 2: Toisí ilghnéitheacha na Folláine


Ag do bhord, déan iniúchadh ar dhá ghné a bhfuil sonraí fúthu ar an sleamhnán agus déan a dtionchar ar fholláine scoláirí a phlé.

Gné	Tionchar ar fholláine scoláirí
1.	
2.	

## Gníomhaíocht 3: Córais tacaíochta do scoláirí i scoileanna

Ar an léaráid thíos, sonraigh cad iad na córais tacaíochta atá ann do scoláirí i do scoil a chuireann le folláine scolairí.

Cad iad na tacaí a bhíonn ar fáil do gach scoláire, do roinnt scoláirí agus do bheagán scoláirí.



## **Gníomhaíocht 4: Bláthú**

Cén uair a fheicimid scoláirí ag bláthú sa seomra ranga?



## **Gníomhaíocht 5: Cultúr Scoile**

Conas a d'fhéadfadh ceannairí scoile dúshlán noirm chultúrtha a thabhairt?



In bhur ngrúpaí daoibh, pléigí bhur gcuid torthaí.

## Gníomhaíocht 6: Aguisín H a úsáid chun tacú le Féinmheastóireacht Scoile

Aguisín H: Léigh duit féin síos trí na ceistanna ar chultúr scoile agus ar na cúrsaí caidrimh thíos. Pléigh é sin le do chuid comhghleacaithe ag an mbord.

*(Smaoinigh ar an uirlis seo a úsáid nuair a bhíonn do chlár Folláine á phleanáil agat i do scoil)*

Folláine sa tSraith Shóisearach: Ceistneoir féinmheastóireachta le haghaidh lucht bainistíochta agus fhoireann na scoile

### AGUISÍN H: FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH: CEISTNEOIR FÉINMHEASTÓIREACHTA LE HAGHAIDH LUCHT BAINISTÍOCHTA AGUS FHOIREANN NA SCOILE<sup>24</sup>

Is féidir an seicliosta seo a úsáid chun machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh go maith ag an scoil agus ar ar gá a fheabhsú sna ceithre príomhghné den fholláine sa tsraith shóisearach: cultúr; caidrimh; curaclam; agus beartas/pleanáil. Ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as gach fianaise atá ar fáil ó raon daoine lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na gnéithe atá leagtha amach sa cheistneoir.

#### PRÍOMHGHNÉ: CULTÚR

*Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)*

DÍRÍÚ	ROINN CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
Misean agus éiteas na scoile	Tá folláine phobal na scoile uile ag croilár ráiteas misin na scoile.			
	Tá folláine phobal na scoile uile ag croilár ráiteas misin na scoile.			
	Tá meas ar gach duine i bpobal na scoile agus bíonn deiseanna acu dul chun cinn a dhéanamh.			
	Cabhraíonn an fhoireann ar fad le timpeallacht thuisceanach chuimsitheach a chur chun cinn laistigh den scoil lena dtacaítear le folláine na scoláirí.			
	Is ann d'fhís agus do thuiscint choiteann ar a bhfuil i gceist le folláine na scoláirí, rud a chuireann béim ar láidreachtaí agus ar acmhainneachtaí seachas díreach díriú ar fhadhbanna agus ar laigí.			
	Cothaítear caidrimh mheasúla thuisceanacha idir an fhoireann agus scoláirí, idir na scoláirí féin, agus idir an fhoireann agus tuismitheoirí.			
	Tá struchtúr i bhfeidhm atá deartha chun tacú le folláine na scoláirí, m.sh. Foireann chun tacú le Scoláirí.			

<b>Teagasc, foghlaim agus measúnú</b>	Bíonn scoláirí gníomhach ag gabháil dá gcuid foghlama agus baineann siad taitneamh as a bheith ar scoil.			
	Tugtar aiseolas múnlaithreach rialta do scoláirí maidir lena bhfoghlaim agus le conas is féidir leo feabhsú.			
	Bíonn deiseanna rialta ag scoláirí labhairt faoina gcuid foghlama agus faoina gcabhraíonn leo foghlaim.			
	Úsáideann múinteoirí modheolaíochtaí gníomhacha chun na príomhscileanna ina n-ábhar a fhorbairt.			
	Déantar idirdhealú idir an teagasc agus an fhoghlaim, agus soláthraítear deis chuí leis chun cur ar chumas gach scoláire gabháil don rath agus eispéireas a fháil air.			

Cé na gnéithe de **Chultúr** thuasluaite ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?

Dáta athbhreithnithe:

<b>DÍRÍÚ</b>	<b>ROINNT CRITÉAR LE LORG:</b>	<b>AIRD DE DHÍTH</b>	<b>MAITH GO LEOR</b>	<b>AR FHEABHAS</b>
<b>An timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta</b>	Cuirtear cairdiúlacht, fáilte agus cuimsiú in iúl leis an timpeallacht fhisiciúil.			
	Is áit shábháilte do gach scoláire í an scoil.			
	Is ann do spásanna inar féidir le scoláirí teacht le chéile go sóisialta agus am a chaitheamh go ciúin.			
	Tá foirgneamh na scoile inrochtana do gach scoláire.			
	Bíonn scoláirí agus an fhoireann bródúil agus cúramach chun an timpeallacht fhisiciúil a chothú.			
	Tá timpeallacht na scoile fabhrach do ghníomhaíocht choirp agus roghanna bia shláintiúil a chur chun cinn.			
<b>Cultúr an tseomra ranga</b>	Bíonn ionchais arda ag múinteoirí do gach scoláire			
	Is ann do chaidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla idir na múinteoirí agus na scoláirí, sa rang féin agus lasmuigh de araon.			
	Cuirtear cultúr comhoibríthe agus comhair chun cinn trí na cleachtais laethúla teagaisc, foghlama agus measúnaithe			
	Mothaíonn scoláirí slán agus sábháilte sa seomra ranga agus mothaíonn siad go bhfuil meas orthu.			



<b>Guth an scoláire</b>	Tá struchtúir éagsúla i bhfeidhm inar féidir le scoláirí a dtuairimí a léiriú, mar shampla sa rang, cruinnithe leis an teagascóir, grúpaí fócais dírithe ar ghuth an scoláire, cruinnithe le maoir, Comhairle Scoláirí.			
	Is eol do scoláirí go gcuirtear luach ar a n-aiseolas mar baintear leas as agus gníomhaítear dá réir.			
	Bíonn deis ag na scoláirí ar fad a dtuairim a thabhairt agus bíonn baint acu le cinntí a dhéanamh faoina saol ar scoil.			
<b>Comhpháirtíocht le tuismitheoirí/ caomhnóirí, leis an bpobal agus tacaíochtaí níos forleithne</b>	Mothaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí go mbíonn fáilte rompu, go mbíonn meas orthu agus go n-éistear leo mar chomhpháirtithe in oideachas a leanaí.			
	Bíonn deiseanna ag tuismitheoirí/caomhnóirí foghlaim faoi chlár Folláine na scoile sa tsraith shóisearach agus conas is féidir leo tacú le folláine a linbh.			
	Tugtar spreagadh gníomhach do thuismitheoirí/ chaomhnóirí páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i measúnú an chláir Folláine.			
	Tá naisc dhearfacha, réamhghníomhacha forbartha ag an scoil le grúpaí agus le clubanna sa phobal atá páirteach i dtacú le folláine daoine óga.			

#### PRÍOMHGHNÉ: CAIDRIMH

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÍÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
<b>Caidrimh idir múinteoirí agus scoláirí</b>	Bíonn caidrimh chairdiúla, thuisceanacha agus mheasúla idir múinteoirí agus scoláirí.			
	Mothaíonn foireann uile na scoile, mar dhaoine aonair, muiníneach as an ról a d'fhéadfadh a bheith acu mar an 'duine fásta maith amháin' ar féidir le scoláirí dul ina muinín chun tacaíocht agus cabhair a lorg.			
	Is eol do scoláirí cén áit ar féidir leo tacaíocht a fháil agus conas teacht ar na struchtúir 'cúraim' sa scoil.			
	Is ann do bheartas araíonachta dearfaí lena réitítear fadhbanna araíonachta le tuiscint, meas agus comhsheasmhacht.			
<b>Caidrimh le piaraí</b>	Léiríonn scoláirí meas, tuiscint agus cineáltas i leith a chéile.			
	Mothaíonn scoláirí sábháilte agus go dtacaítear leo i measc a bpiaraí.			

## PRÍOMHGHNÉ: CURACLAM

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
OSSP, Corpoideachas, OSPS	Is ann do chur chuige soiléir comhordaithe i leith an tsoláthair OSSP, corpoideachais agus OSPS mar chuid den chlár Folláine sa tsraith shóisearach.			
	Is ann do dheiseanna rialta inar féidir le múinteoirí oibriú go comhoibríoch sa phleanáil do OSSP, corpoideachas agus OSPS.			
	Úsáidtear tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil in OSSP, corpoideachas agus OSPS.			
	Tacaítear le múinteoirí agus spreagtar iad chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach in OSSP, corpoideachas, agus OSPS.			
	Téitear i gcomhairle le múinteoirí sula bhfágfar ranganna OSPS agus/nó OSSP faoina gcúram.			
Treoir	Gné thábhachtach den churaclam Folláine sa tsraith shóisearach is ea foghlaim a bhaineann le treoir.			
	Oibríonn an treoirchomhairleoir i gcomhar leis an bhfoireann folláine chun an clár Folláine sa tsraith shóisearach a phleanáil.			
	Bíonn deiseanna ag an treoirchomhairleoir aithne a chur ar scoláirí na sraithe sóisearaí agus tacú leo.			
	Déanann an treoirchomhairleoir comhordú ar chomhroinnt chúí faisnéise ábhartha maidir le scoláirí lena múinteoirí chun tacú lena bhfolláine.			

**PRÍOMHGHNÉ: BEARTAS AGUS PLEANÁIL**

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÍÚ	ROINN CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
Beartais na scoile	Déantar beartais na scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le scoláirí, tuismitheoirí agus an fhoireann.			
	Tá beartais a bhaineann le folláine i bhfeidhm, lena n-áirítear beartais i ndáil le hiompraíocht, sábháilteacht idirlín, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, OSPS (lena n-áirítear OCG) agus frithbhulaíocht, agus déantar athbhreithniú rialta orthu.			
	Tá fáil ar dhoiciméid bheartais agus scaiptear iad i measc scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.			
	Cuirtear beartais chun feidhme ar bhealach cóir tuisceanach.			
Féinmheastóireacht scoile	Sa phleanáil scoile, cuirtear am ar fáil don phleanáil san Fholláine.			
Pleanáil ábhair agus scoile uile	Déantar naisc fhollasacha idir an phleanáil don Fholláine agus féinmheastóireacht scoile.			
	Déantar na doiciméid phleanála don Fholláine a chomhthiomsú agus a shábháil chun tacú le meastóireacht ar an scoil uile san Fholláine.			
	Tá an Fholláine sa tsraith shóisearach ina gné thábhachtach den phleanáil scoile uile agus ábhair.			
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le folláine na scoláirí.			
	Spreagtar agus éascaítear múinteoirí a gcuid foghlama i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chomhroinnt le comhghleacaíthe.			

Cé na gnéithe de Bheartas agus phleanáil ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?







Dáta athbhreithnithe:

## Gníomhaíocht 7 Naisc a dhéanamh idir na príomhscileanna agus táscairí na folláine

Breathnaigh ar an bhfíseán Straitéise (KWL) agus trí úsáid a bhainte as na gnéithe de na príomhscileanna thall, cuir tic leis na gnéithe atá le feiceáil san fhíseán.

Anois breathnaigh ar na táscairí folláine thíos, aibhsigh cé na táscairí a chlúdaigh an múinteoir trí chur chuige príomhscileanna a úsáid i leith an teagaisc.

Cuir tic thíos

 <b>GNÍOMHACH</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a bheith ina rannpháirtí muiníneach oilte i ngníomhaíocht choirp</li> <li>a bheith gníomhach go fisiciúil</li> </ul>			
 <b>FREAGRACH</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a bheith in ann gníomhú chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú</li> <li>bia sláintiúil a roghnú</li> <li>a thuiscint cén áit a mbíonn a gcuid sábháilteachta i mbaol, agus cur ar a gcumas na roghanna cearta a ghlacadh</li> </ul>			
 <b>CEANGAILTE</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a bheith ceangailte lena scoil, lena gcairde, lena bpobal agus leis an saol mór</li> <li>a thuiscint conas a théann a gcuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda</li> </ul>			
 <b>ATHLÉIMNEACH</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a bheith muiníneach astu féin agus na scileanna a bheith acu chun déileáil le dúshlán an tsaoil</li> <li>eolas a bheith acu cén áit ar féidir leo cabhair a fháil</li> <li>a chreidiúint go n-éireodh go maith leo ach an iarracht a chur isteach</li> </ul>			
 <b>MEAS</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>cúram agus meas a léiriú ar dhaoine eile</li> <li>caidreamh dearfach le cairde, piaraí agus múinteoirí</li> <li>a mhothú go n-éistear leo agus go bhfuil meas orthu</li> </ul>			
 <b>FEASACH</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a bheith feasach ar a gcuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus a bheith in ann ciall a bhaint astu</li> <li>a bheith feasach ar a luachanna pearsanta féin agus machnamh a dhéanamh ar a gcinntí</li> <li>a bheith feasach orthu féin mar fhoghlaimoirí agus a thuiscint conas is féidir leo feabhsú</li> </ul>			

## Gníomhaíocht 7 Naisc a dhéanamh idir na príomhscileanna agus táscairí na folláine

<p><b>A Bheith Cruthaitheach</b></p> <p>Samhlú</p> <p>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú</p> <p>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh</p> <p>Foghlaim go cruthaitheach</p> <p>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid</p>	<p><b>Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú</b></p> <p>A bheith fiosrach</p> <p>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a luacháil</p> <p>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn</p> <p>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt</p>	<p><b>Mé féin a Bhainistiú</b></p> <p>Eolas a chur orm féin</p> <p>Cinntí meabhraithe a dhéanamh</p> <p>Spricanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú</p> <p>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú</p>	<p><b>Cumarsáid</b></p> <p>Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh</p> <p>Taibhiú agus cur i láthair</p> <p>Plé agus díospóireacht</p> <p>Teanga a úsáid</p> <p>Uimhreacha a úsáid</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh</p>
<p><b>Obair le Daoine Eile</b></p> <p>Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint</p> <p>Comhoibriú</p> <p>Meas ar dhifríochtaí</p> <p>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan</p> <p>Foghlaim le daoine eile</p> <p>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach</p>	<p><b>Fanacht Folláin</b></p> <p>A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach</p> <p>A bheith sóisialta</p> <p>A bheith sábháilte</p> <p>A bheith spioradálta</p> <p>A bheith féinmhuiníneach</p> <p>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim</p> <p>A bheith freagrach, slán agus eiticiúil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach</p>	<p><b>A Bheith Liteartha</b></p> <p>Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt</p> <p>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil</p> <p>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla</p> <p>Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas</p> <p>Mo theanga labhartha a fhorbairt</p> <p>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha</p>	<p><b>A Bheith Uimheartha</b></p> <p>Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil</p> <p>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh</p> <p>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna</p> <p>Patrúin, treochothaí agus coibhneasa a fheiceáil</p> <p>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt</p>

## **Gníomhaíocht 8: Curaclam le haghaidh clár folláine:**

Cad iad na cláir atá á dteagasc agaibh in bhur scoil faoi láthair a thiocfadh a fhorbairt ina n-aonaid foghlama le haghaidh clár folláine?

## Gníomhaíocht 9: Ag Breathnú ar an Scoil Againn 2016-2020: Torthaí Foghlaimeora



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers

...bláthú an duine agus  
baineann an bláthú leis na nithe  
seo a leanas...

- Mothúchán dearfach
  - Rannpháirtíocht
    - Caidreamh
      - Brí
        - Gnóthachtáil



Seligman, M. ó Threoirlinnte Folláine 2017 an CNCM

Ag machnamh duit ar an sleamhnán thuas, a chonaic tú níos luaithe sa chur i láthair, aibhsigh nó folínigh na focail i Réimse 1: Torthaí Foghlaimeora thíos a mheasann tú a chabhraíonn le scoláirí bláthú sa seomra ranga.

## Na ráitis ar chleachtas – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 1: TORTHAÍ NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimoirí</p> <p><b>1</b></p>	<p>Tá an taitneamh a bhaineann na daltaí as an bhfoghlaim soiléir agus go minic tá sé nasctha le mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.</p> <p>Spreagtar na daltaí chun foghlama, agus bíonn sé seo nasctha go minic le mothúchán soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte.</p> <p>Féachann na daltaí orthu féin mar fhoghlaimoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile.</p>	<p>Tá an taitneamh a bhaineann na daltaí as an bhfoghlaim soiléir agus eascraíonn sé as mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.</p> <p>Spreagtar na daltaí chun foghlama trí mhothúchán soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte agus dúshlánacha.</p> <p>Féachann na daltaí orthu féin mar fhoghlaimoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach agus athmhachnamhad i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile.</p>
<p>Tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag na daltaí chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint</p> <p><b>2</b></p>	<p>Léiríonn na daltaí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Tá siad ábalta an t-eolas seo a úsáid chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.</p> <p>Tá na scileanna ag na daltaí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá.</p> <p>Léiríonn na daltaí dearcadh fiosrach fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.</p>	<p>Léiríonn na daltaí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Úsáideann siad an t-eolas seo go cásmhar chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.</p> <p>Tá na scileanna ag na daltaí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá, agus aithníonn siad féin an gá chun é seo a dhéanamh.</p> <p>Léiríonn na daltaí dearcadh fiosrach agus oscailte fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.</p>



## Gníomhaíocht 10: Beartais Scoile

Léigh seicliosta an bheartais ar fhéinmheastóireacht scoile thíos. Déan do mhachnamh cá mhéad díobh sin a imríonn tionchar ar fholláine scoláire.

### Aguisín le tuairisc Féinmheastóireacht Scoile: seicliosta beartais

Beartas	Reachtaíocht, ciorcláin, treoirlínte ábhartha	Ar fhaomh an Bord Bainistíochta an beartas?	Murar fhaomh, léirigh cé na gnéithe atá le forbairt
Beartas maidir le rollú	Rannán 15(2)(d) den Acht Oideachais  Achtanna um Stádas Comhionann 2000-2011  Ciorclán M51/93	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Cód Iompair, lena n-áirítear beartas frithbhulaíochta <sup>1</sup>  An Chairt um Dhínit san Ionad Oibre	Ciorclán M33/91  Treoirlínte an BNLO (Bord Náisiúnta um Leas Oideachais) <i>Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do scoileanna</i>  Rannán 23, Acht Oideachais (Leas) 2000  Achtanna um Stádas Comhionann 2000-2011  <i>Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2013</i> , agus Ciorclán 45/13  Rannán 8(2)(b), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Straitéis Tinrimh agus rannpháirteachais <sup>2</sup>	Ciorclán M51/93  Rannán 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Tuairisc Tinreamh bliantúil chuig an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais agus chuig Cumann na	Rannán 21, An tAcht Oideachais (Leas) 2000	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	

<sup>1</sup> Faoi fhorálacha An Achta Oideachais (Leas) 2000 (rannán 23) ba chóir do chód iompair na scoile cloí leis na sonraíochtaí atá luaite.

<sup>2</sup> Faoi fhorálacha An Achta Oideachais (Leas) 2000 (rannán 22) ba chóir do straitéis tinrimh na scoile cloí leis na forálacha atá sonraithe.

dTuismitheoirí			
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht	an tAcht um Sláinte agus Sábháilteacht, 2005  Rannán 20	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Cosaint Sonraí	An tAcht um Chosaint Sonraí 1988  Cosaint Sonraí (Acht Leasaithe) 2003	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Riachtanais speisialta oideachais / An Beartas um Chuimsiú <sup>3</sup>	An tAcht Oideachais (1998)  Achtanna um Stádas Comhionann (2000 to 2011),  An tAcht Oideachais (Leas) (2000),  An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSSEN) <sup>4</sup> (2004)  An tAcht in Aghaidh Idirchealú ar Bhonn Míchumais (2005))  Ciorclán 0070/2014	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Beartas Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) / Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)	Ciorcláin 37/2010, 23/2010, M27/08, M11/03, M22/00, M20/96, M4/95	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Beartas Mí-úsáid substaintí	Treoir na Roinne Oideachais agus Scileanna; treoirlínte a eisíodh chuig scoileanna in 2002	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Beartas um Úsáid Inghlactha Idirlín	Treoirlínte na Comhairle Náisiúnta um Theicneolaíocht san	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	

<sup>3</sup> Éilíonn rannán 9 den Acht Oideachais (1998) ar scoil “a cuid acmhainní atá ar láimh” a úsáid chun na scoláirí sin a aithint “a bhfuil míchumas nó riachtanais oideachais eile acu” agus freastal orthu.

<sup>4</sup> Éilíonn an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSSEN) ar scoileanna a bheith cuimsitheach agus oideachas oiriúnach a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

	Oideachas (CNTO), 2012		
Beartas Cosaint Leanaí	Ciorclán 0065/2011	<input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	


**Nuair a bhreathnaítear ar bheartais trí pheirspictíocht folláine scoláirí, ardaítear ceisteanna amhail:**

- Conas a fhorbraítear beartais scoile? An é líon beag daoine a fhorbraíonn iad nó trí chomhpháirtíocht le pobal na scoile uile?
- Conas a **scríobhtar beartais** scoile? An úsáidtear teanga dheas shoiléir iontu?? An bhfuil an teanga pionósach nó dearfach ?
- Conas a roinntear iad? An mínítear iad agus an gcuirtear iad ar fáil do chách? An bhfuil ceangal idir iad agus **sraith luachanna comhchoiteanna**?
- Conas a chuirtear i bhfeidhm iad? An gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach cóir agus tuisceanach?

*(Treoirlínte le haghaidh na Folláine I. 36)*

## **Gníomhaíocht 11: Am Pleanála**

Glac an t-am chun machnamh duit féin cad iad na chéad chéimeanna eile do do scoil agus sibh ag pleanáil bhur gclár folláine.



## Acmhainní Breise:

### Curaclam le haghaidh clár folláine

Is í an aidhm atá leis an gclár ionductaithe tacú le folláine fhisiceach, mheabhrach, mhothúcháinach agus shóisialta scoláirí. Is féidir leis an aistriú ó Bhunscoil go hIarbhunscoil a bheith dúshlánach ag scoláirí agus ta sé ceaptha go gcabhróidh an t-aonad seo le scoláirí aistriú chun na hiar-bhunscoile gan aon deacracht. Ar na príomhtheamaí a bhfuil an t-aonad seo bunaithe orthu áirítear: Mé Féin, Cumarsáid, Cairdeas, Athrú agus Socrú Spriocanna. Maireann an t-aonad seo 25 uair, ach, de bharr solúbthacht an Chlár na Folláine (atá deartha chun freastal ar riachtanais an scoláire) is féidir é sin a athrú chun oiriúint do chomhthéacs aonair agus uathúil scoile.

Ina theannta sin, beidh deis ag scoláirí a bheith ag plé leis na táscairí seo a leanas agus taithe a fháil orthu: Feasach, Nasctha, Acmhainneach, Faoi mheas, Freagrach (féach torthaí foghlama molta ón teimpléad).

Ta teimpléad Aguisín I le fáil ar leathanach 104 de na Treoirínte le haghaidh Folláine agus is féidir le scoil é a úsáid chun gné ar bith de Chlár Folláine scoile a dhearadh nó a cheapadh ata á thabhairt trí aonaid níos giorra.

Aonad Foghlama: Aistriú chun na hiar-bhunscoile

Is é atá sa cháipéis seo a leanas doiciméad pleanála le haghaidh aonad foghlama ar aistriú chun na hiar-bhunscoile ag úsáid aguisín I chun tacú leis an bpróiseas pleanála.

## Aguisín I: Teimpléad chun tacú le scoileanna agus aonaid foghlama níos giorra san Fholláine á bpleanáil

<b>Teideal an Aonaid:</b>	<b>Fad:</b> tuairim is 20 uair agus lá nascála 5 uair =25 uair
Ionductú na Chéad Bhliana	Seachtain 1- 8 uair
	Seachtain 2- Seachtain 21 (18 seacht. X 40 nóim. =12 uair)
<b>Aidhm an Aonaid</b>	
Na huirlisí agus na scileanna a thabhairt do scoláirí le gur féidir leo aistriú go rathúil go dtí an Iar-Bhunscoil	
<b>Naisc</b>	
Léiríonn na táblaí seo a leanas an chaoi a bhféadfaí Ionductú na Chéad Bhliana a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.	
<b>Ráiteas foghlama</b>	<b>Sampla d'fhoghlaim ghaolmhar san aonad</b>

<p><b>RF 7</b></p> <p>7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus le dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne</p>	<p><b>Mé Féin:</b> tréithe, scileanna, caithimh aimsire, suimeanna, dúshláin</p> <p><b>Cumarsáid:</b> tógáil foirne, éisteacht, labhairt</p> <p><b>Cairdeas</b> fabhrú, cairt frithbhulaíochta scoile, Gníomhartha Randamacha Carthannachta,</p>
<p><b>RF 11</b></p> <p>11. Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú</p>	<p><b>Timpeallachtaí nua agus athrú</b></p> <p>A bheith ábalta dúshláin timpeallacht nua scoile agus athrú i struchtúr an lae a láimhseáil.</p>
<p><b>RF 5</b></p> <p>5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tá tuiscint acu ar an bpróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh</p>	<p><b>Socrú Spriocanna</b></p> <p>lompar agus scileanna chun ratha, rialacha, gnáthaimh, meas.</p>

**Príomhscileanna.** (Leagtar amach go follasach sna Príomhscileanna don tSraith Shóisearach na gnéithe agus na torthaí folláine don ocht bpríomhscil sa tsraith shóisearach. Roghnaigh na ceithre phríomhscil a gcabhraíonn an t-aonad seo leo go háirithe.

Príomhscil	Gné	Gníomhaíocht Foghlama Scoláire
Fanacht Folláin	A Bheith Muiníneach	<p>Gníomhaíocht- Cairde nua a dhéanamh</p> <p>Cé atá ann, Úinéireacht a ghlacadh.</p> <p>Leabhrán agus gníomhaíochtaí don Lá Nascála</p>
Obair le Daoine Eile	<p>Dea-chaidreamh a chothú</p> <p>Déileáil le hAighneas</p>	<p>Coping with Change, Stress Management, Anxiety</p> <p>Gníomhaíocht- Túr na gCártaí, Úinéireacht a ghlacadh.</p>

Mé Féin a Bhainistiú	Aithne a bheith agam orm féin  Spriocanna Pearsanta a shocrú agus a bhaint amach	Gníomhaíocht: Mo Shlí a aimsiú  Gníomhaíocht: ilintleachtaí  Socrú agus rianú spriocanna  Scileanna chun foghlama
Cumarsáid	Éisteacht agus Cur i bhfriotal	Scileanna iompair chun ratha for success lena n- áirítear rialacha agus gnáthaimh.  Cleachtadh cumarsáide 4,5,6,7.

Léiríonn na táscairí folláine go soiléir cén rud é foghlaim thábhachtach i gcúrsaí Folláine.

### Torthaí Foghlama Molta

Ag deireadh an aonaid seo, beidh sé ar chumas scoláirí...

- A slite féin chun foghlaim agus a gcuid nósanna foghlama, suimeanna, láidreachtaí agus laigí a aithint **Feasach**
- A dturas féin folláine agus cuid daoine eile a aithint - **Nasc**tha
- A bheith ábalta spriocanna a shocrú agus a ndul chun cinn a rianú- **Acmhainneach**
- Scileanna, meonta agus luachanna cairdis a aithint – **Faoi mheas**
- Meas a bheith agam ar mo phearsantacht féin agus ar chuid daoine eile - **Freagrach**
- Tuiscint a bheith acu ar chumarsáid éifeachtach lena n-áirítear éisteacht agus labhairt – **Faoi mheas, Nasc**tha

#### Measúnú

Taispeánfaidh scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama agus iad ...

Ag machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoin bhfolláine agus don fholláine ina ndialann mhachnaimh  
Ag aithint na dtáscairí folláine is mó a mbíonn scoláirí ag déanamh dul chun cinn iontu  
Ag aithint na dtáscairí a bhfuil níos mó oibre ag teastáil iontu  
Ag úsáid agusín E agus féinmheasúnaithe

### Acmhainní, naisc ghréasáin agus naisc phobail úsáideacha

[www.Toastmasters.org](http://www.Toastmasters.org) – Ceannaireacht Óige [www.nbss.ie](http://www.nbss.ie) -Clár Chairde don Saol

[www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie)

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)

[www.youngsocialinnovators.ie](http://www.youngsocialinnovators.ie)

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

[www.pdst.ie](http://www.pdst.ie)

[www.sess.ie](http://www.sess.ie)

## Plean féideartha scoile chun folláine a chur i bhfeidhm:

Gnéithe den fholláine	2017	2018	2019	2020
<b>Clár curaclaim</b>	300 uair d'ábhair na folláine	300 uair d'ábhair na folláine	300 uair d'ábhair na folláine	300 uair d'ábhair na folláine
<b>Beartais: Lionsa na folláine</b>	Athbhreithniú ar bheartas an chóid iompair	Athbhreithniú ar bheartas na treorach scoile	Beartas teagaisc, foghlama agus measúnaithe	Athbhreithniú ar bheartas OSPS agus OCG
<b>Cultúr agus caidreamh:</b>  Gnéithe den teagasc, foghlaim agus measúnú a thógáil (agus an fholláine mar fhócas)	Measúnú	Measúnú  Príomhscileanna Digiteacha	Measúnú  Príomhscileanna Digiteacha  Inspreagadh scoláirí sa seomra ranga	Príomhscileanna Digiteacha  Inspreagadh scoláirí sa seomra ranga

Cuimsíonn an plean seo gnéithe a n-éilíonn an ROS ar an scoil a bheith ag plé leo.

- De réir an chiorcláin 40/2016 *Cur i bhFeidhm Leanúnach Féinmheastóireacht Scoile 2016-2020 – iar-Bhunscoil*, tá de dhualgas ar scoileanna díriú ar idir 2 agus 4 ghné den teagasc agus den fhoghlaim le haghaidh feabhsú sa scoil uile idir 2016- 2020.
- Is gá do Bhoird Bhainistíochta Scoileanna beartais a athbhreithniú nó a fhóbairt gach bliain mar chuid dá dtiomantas i leith feabhsú scoile. Is cuid den doiciméad sin an liosta de bheartais riachtanacha.



## Ráitis Foghlama agus Eispéiris Foghlama a théann leo

### 5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tá tuiscint acu ar an bpróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh

Tuigim an áit as ar tháinig mo chuid luachanna féin agus na tionchair a chuaigh i bhfeidhm orthu. Tá meas agam ar luachanna daoine eile agus san am céanna tá mo chuid féin mór agus luachmhar agam. Tá tuiscint agam ar an dóigh a n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta i mo shaol féin agus i saol daoine eile bunaithe ar a gcuid luachanna ar leith. Is féidir liom gnáthchinntí éagsúla eiticíúla agus morálta a phlé agus tuairim a nochtadh fúthu.

### 7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)eoránach gníomhach, le cearta agus le dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne

Tuigim an chaoi a n-oibríonn an rialtas agus an pholaitíocht in Éirinn agus in áiteanna eile. Tuigim go bhfuil cearta againn agus dualgais orainn. Tá meas agam ar chearta na ngrúpaí mionlaigh sa tsochaí. Spreagtar mé nuair a chloisim faoi dhóigheanna ar féidir le saoránaigh ghníomhacha cion a dhéanamh chun an saol a dhéanamh níos fearr laistigh dá gcomhphobail féin agus sa domhan mór. Tá mé toilteanach agus is féidir liom smaoineamh go cúramach faoi athruithe a chur i bhfeidhm, agus gníomhú ina leith, i dtaca le ceisteanna a bhaineann liomsa nó le mo phobal.

### 10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe

Tuigim go bhfuil an dúlra go hálainn agus an-tábhachtach do shaol gach duine ar an phláinéad. Táim freagracht as na roghanna a dhéanaim faoin dóigh a mairim agus go mbíonn tionchair ag na roghanna sin ar an timpeallacht agus ar cháilíocht na beatha i mo cheantar agus sa saol mór. Déanaim mo dhícheall 'smaoineamh go domhanda agus gníomhú go háitiúil'. Is féidir liom mo chion a dhéanamh chun cuidiú le mo phobal an timpeallacht s'againn a fheabhsú ach feicim freisin go mbíonn buarthaí éagsúla ag pobail eile agus déanaim mo dhícheall iad sin a chur san áireamh.

### 11. Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú

Is eol dom cinntí a dhéanamh atá maith do mo shláinte fhisiceach agus mheabhrach, mo chuid folláine mothúchán agus spioradálta agus mo chaidrimh le daoine eile. Is féidir liom riosca a mheas agus a bhainistiú agus tuigim an tionchar ag iompar rioscúil. Táim muiníneach agus is féidir liom déileáil le dúshlán éagsúla agus slánachair. Iarraim cuidiú nuair a theastaíonn sé. Glacaim leis go mbíonn daoine difriúil agus go bhfuil dualgas ar gach duine dúshlán a thabhairt ar leithcheal agus ar bhulaíocht, agus gur féidir leis an scoil tacú liom chun sin a dhéanamh.

### 12. Tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa gníomhaíocht fhisiciúil agus inspreagadh inti/ann le bheith gníomhach go fisiciúil

Bím páirteach i ngníomhaíochtaí fisiceacha fuinniúla agus spórt ar bhonn rialta agus is eol dom go mbíonn deis agam forbairt agus réimse de scileanna sóisialta agus scileanna luaile a úsáid chun foghlaim ar bhealach atá éagsúil, mo chuid chorpachmhainne a fhorbairt agus mo chorp a bhainistiú. Cuidíonn sé liom scíth a ligean agus mothú níos fearr, go háirithe sna gníomhaíochtaí agus cuireann sé le mo shláinte agus le mo leas. Nuair a bhím páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla fisiceacha, cuidíonn sé liom bualadh le daoine eile agus a bheith ina gcuideachta. Bím ag súil níos mó deiseanna a bheith agam a bheith rannpháirteach laistigh den scoil agus i mo phobal.

### **13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh**

Roghnaím réimse de bhianna agus deochanna éagsúla atá cothrom. Is féidir liom roghanna sláintiúla bia a dhéanamh agus déanaim iarracht ithe go maith agus mé liom féin agus le daoine eile. Tuigim ról tábhachtach an bhia do ghrúpaí difriúla sóisialta agus cultúrtha. Tuigim go mbíonn riachtanais chothaithe daoine aonair agus grúpaí ag athrú trí chéimeanna na beatha. Aithním gurb iomaí tionchar a bhíonn ar roghanna bia agus ar dhearcthaí i leith bia agus ithe an bhia.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# JuniorCYCLE

for teachers

## Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais  
Mhuineacháin,  
Bóthar Ard Mhacha,  
Muineachán.

[www.metc.ie](http://www.metc.ie)

Oifig an Stiúrthóra:

LMETB,  
Sráid an tSéipéil,  
Dún Dealgan.

Má bhíonn aon cheist agat,  
déan teagmháil le [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

Lean sinn ar Twitter



@JCforTeachers

[www.jctonline.ie](http://www.jctonline.ie)

[www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie)

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

[www.schoolself-evaluation.ie](http://www.schoolself-evaluation.ie).